Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2016
(OR. en)**

**9913/16**

**FISC 98
ECOFIN 559**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>– Tuarascáil don Chomhairle<br>– Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 2 Meitheamh 2016, phléigh an Mheitheal um an gCód Iompair an tuarascáil ón Meitheal chuig an gComhairle.

2. Mar is iondúil, ba cheart na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thíos iad a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

– is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na hÍsiltíre mar a leagtar amach é ina tuarascáil (9912/16 FISC 97 ECOFIN 558);

– is díol sásaimh di go háirithe an comhaontú faoin treoir agus faoi na nótaí míniúcháin maidir le neamhréireanna i gcás buanbhunaíocht hibrideach a bhaineann le tríú tíortha;

– iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar agus iarrann sí ar an Meitheal leanúint den obair faoi Phacáiste Oibre 2015 freisin;

– iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den idirphlé le Lichtinstéin maidir le prionsabail an Chóid Iompair a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa tuarascáil é;

– iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar ailíniú chórais na dticbhoscaí paitinní i gcomhréir le cur chuige comhaontaithe an chumarphointe;

– iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Slóvaice".

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an tuarascáil (9912/16 FISC 97 ECOFIN 558) a chur chuig an gComhairle i dteannta na ndréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thuas iad;

– a mholadh don Chomhairle an dá cheann acu a fhormheas mar mhír "A" ar a clár oibre.

**IARSCRÍBHINN**

## AN RÁITEAS ÓN SPÁINN ATÁ LE CUR ISTEACH I MIONTUAIRISCÍ NA COMHAIRLE

"Tá an Spáinn ar aon tuairim leis an Meitheal go bhfuil cuid de chóras Ghiobráltar díobhálach i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos leis an gCód Iompair maidir le Cánachas Gnó. Ina theannta sin, áitíonn an Spáinn go bhfuil laigí i gcónaí sa mheasúnú a rinne an Mheitheal, toisc nár cuireadh san áireamh saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an gcóras sin – go háirithe iad sin a bhaineann le heaspa trédhearcachta agus le faisnéis chánach – rud a chuir srianta go leor ar an anailís a rinneadh. As measc na gcuideachtaí sealbhaíochta sócmhainní i nGiobráltar, arb ann do níos mó ná 10 000 acu, níor chuir Giobráltar faisnéis ar fáil maidir le cá mhéad acu atá faoi úinéireacht cónaitheoirí nach as Giobráltar dóibh, ní maidir leis an ioncam a fhaigheann na cuideachtaí sin ná maidir le foinse an ioncaim sin; níorbh fhéidir a chinneadh, mar sin, cé acu atá nó nach bhfuil an córas sin fabhrach do na cáiníocóirí sin ach go háirithe.

Go deimhin, is suarach iad na modhnuithe roghnaitheacha a tugadh isteach leis an gcóras sin, cé go bhfuil sé de thuairim ag an Spáinn, maidir leis na príomhshaincheisteanna díobhálacha a spreagann gníomhaíochtaí ag daoine nach as Giobráltar dóibh, go leanann siad de bheith go hiomlán oibríochtúil agus, thairis sin, leagtar síos fasach thar a bheith diúltach lena leithéid, a mhéid a bhaineann le hobair na Meithle chun measúnú a dhéanamh ar chórais chomhchosúla chánach críoch agus tríú tíortha eile."